AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Imlitir 0034/2017

CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS FOIRNE TEAGAISC NA N-IAR-BHUNSCOILEANNA, NA MEÁNSCOILEANNA, NA BPOBALSCOILEANNA AGUS NA SCOILEANNA CUIMSITHEACHA AITHEANTA I LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA, AGUS CHUIG PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH NA mBORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

POLASAÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA 2017-2022

SCÉIM AITHEANTAIS SCOILEANNA GAELTACHTA D'IAR-BHUNSCOILEANNA I LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA NA GAELTACHTA

AN CHÉIM FHEIDHMITHE TOSAIGH

(AIBREÁN 2017 GO MEITHEAMH 2018)

1. Cuspóir na himlitreach seo – Rannpháirtíocht sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Is é cuspóir na himlitreach seo ná údaráis bhainistíochta, príomhoidí agus múinteoirí a chur ar an eolas maidir leis na gníomhartha tosaigh atá á ndéanamh ag an Roinn i bhfeidhmiú an *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*[1] don scoilbhliain 2017/18. Tugann an imlitir treoir d-iar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta maidir leis an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (ar a dtugtar *an Scéim* ina dhiaidh seo) agus na tacaí a bheidh ar fáil le linn na tréimhse ama ina mbeidh scoileanna ag gníomhphleanáil le bheith páirteach sa *Scéim.* Eiseofar imlitir ar leith faoin *Scéim* seo freisin chuig bunscoileanna agus scoileanna speisialta i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta don scoilbhliain 2017/18. Eiseofar imlitir eile don scoilbhliain 2018/19 roimh thús na scoilbhliana sin agus eiseofar tuilleadh imlitreacha chun scoileanna a chur ar an eolas faoi chéimeanna ábhartha de phróiseas feidhmithe an *Pholasaí*.

San imlitir seo:

- tugtar léargas ar an gcéim fheidhmithe tosaigh (Aibreán 2017 go dtí Meitheamh 2018) den *Pholasaí* chúig bliana (2017-2022) d'iar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta[2]

[1] Tá leagan leictreonach den *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* ar fáil ag www.education.gov.ie

[2] Tugtar feidhm reachtúil don phróiseas pleanála teanga in Acht na Gaeltachta (2012). Tá 26 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta (LPTG) aitheanta faoin Acht. Tá Údarás na Gaeltachta freagrach as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí pobail maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga sna LPTG. Tá ceanneagraíochtaí roghnaithe ag Údarás na Gaeltachta chun tabhairt faoi phleananna teanga a ullmhú ina limistéir pleanála teanga féin chun úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht a chaomhnú agus a láidriú.

- leagtar amach na nósanna imeachta do léiriú spéise scoileanna chun páirt a ghlacadh sa Scéim
- tugtar cuireadh d'iar-bhunscoileanna i limistéar pleanála teanga Ghaeltachta foirm um léiriú spéise a chomhlánú chun páirt a ghlacadh sa Scéim
- tugtar cuireadh breise d'iar-bhunscoileanna i limistéar pleanála teanga Ghaeltachta foirm um léiriú spéise a chomhlánú chun mol ríomhfhoghlama a bhunú ar bhonn píolótach chun nascadh le hiar-bunscoileanna lán-Ghaeilge eile sa Ghaeltacht
- tugtar léargas ar na tacaí atá agus a bheidh ar fáil do scoileanna a léiríonn spéis páirt a ghlacadh sa Scéim chun próiseas na pleanála gníomhaíochta feabhsúcháin a threisiú
- leagtar amach achoimre de na gníomhartha a bheidh le déanamh ag iar-bhunscoileanna i limistéir pleanála Ghaeltachta a bheidh páirteach sa Scéim, Aibreán 2017 go Meitheamh 2018
- tugtar léargas ar na riachtanais don phleanáil ghníomhaíochta do scoileanna a bheidh páirteach sa Scéim chun critéir teanga-bhunaithe a chomhlíonadh
- tugtar léargas ar an gcaoi ina ndéanfar comhordú ar thacaí a bheidh ar fáil do scoileanna a bheidh ag glacadh páirt sa Scéim.

Ceangailte mar Aguisín 1 , Aguisín 2 agus Aguisín 3 tá:

- Foirm um léiriú spéise a bheidh le comhlánú ag na scoileanna sin ar suim leo páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (a bheidh le seoladh chuig an Aonad um Oideachas Gaeltachta tráth nach déanaí ná 15 Meitheamh 2017)
- Foirm um léiriú spéise a bheidh le comhlánú ag na scoileanna sin ar suim leo go gcuirfí san áireamh iad don phíolútú ar mholscoil ríomhfhoghlama trí Ghaeilge ar mhaithe leis an gcianfhoghlaim i measc iar-bhunscoileanna (a bheidh le seoladh chuig an Aonad um Oideachas Gaeltachta tráth nach déanaí ná 15 Meitheamh 2017)
- Sampla de theimpléad don phlean gníomhaíochta feabhsúcháin atá nasctha leis na critéir theanga-bhunaithe d'aitheantas mar iar-bhunscoil Ghaeltachta (ní bheidh gá leis an teimpléad seo a líonadh ag an gcéim thosaigh den léiriú spéise).

2. Cúlra - An Polasaí um Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Leagtar amach straitéis chuimsitheach don oideachas sa Ghaeltacht in *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* (ar a dtugtar an *Polasaí* ina dhiaidh seo) de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (ar a dtugtar an Roinn ina dhiaidh seo). Tá an *Polasaí*, a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2016, ag teacht leis an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030* de chuid an Rialtais agus tá sé ar cheann de thiomantais na Roinne sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016–2019*.

Is é príomhsprioc an *Pholasaí* ná a chinntiú go mbíonn fáil ar oideachas ar ardchaighdeán agus ábhartha trí Ghaeilge i scoileanna na Gaeltachta agus, ar an gcaoi sin, tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'úsáid na Gaeilge i bpobail na Gaeltachta. Tacaíonn an *Polasaí* leis an tumoideachas agus le húsáid a bhaint as an nGaeilge mar theanga na cumarsáide agus an teagaisc chun cuidiú le sealbhú teanga ag foghlaimeoirí na teanga agus le saibhriú teanga na gcainteoirí dúchais. Mar aitheantas ar na dúshláin atá roimh scoileanna sa Ghaeltacht, is mian leis an Roinn a chinntiú go gcuirfear raon comhréireach de thacaí ar fáil chun forbairt a dhéanamh ar acmhainneacht na scoileanna Gaeltachta aitheanta ionas go mbainfear amach an sprioc chun oideachas d'ardchaighdeán trí Ghaeilge a sholáthar.

Tugtar sainmhíniú ar scoil Ghaeltachta faoi láthair bunaithe ar shuíomh geografach i limistéar Gaeltachta aitheanta. Faoi Acht na Gaeltachta 2012, tá foráil don athshainmhíniú ar limistéir Ghaeltachta bunaithe ar chritéir teanga in áit na geografaíochta. As seo amach, is féidir le scoileanna

atá lonnaithe i limistéar pleanála teanga aitheantas a lorg mar Scoil Ghaeltachta bunaithe ar chritéir teanga ar leith, a leagtar amach i roinn 3.2 den Imlitir seo, a chur i bhfeidhm, agus ar an gcoinníoll go bhfuil sí ag glacadh páirt sna próisis pleanála teanga faoi Acht na Gaeltachta, 2012.

Leagtar amach na gníomhartha agus na tacaí forleathana atá ceaptha chun cuidiú le cur i bhfeidhm an *Pholasaí* chúig bliana faoi na seacht gceannteidil seo a leanas:

1) Feabhas a chur ar struchtúr an tsoláthair oideachais
2) Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge
3) Cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt
4) Feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge
5) Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga
6) Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú
7) Feasacht a fhorbairt faoi bhuntáistí an oideachais trí Ghaeilge, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí, agus tacú leo.

Cuirfear tús le cur i bhfeidhm an *Pholasaí* i scoileanna ar bhonn céimnithe i rith na scoilbhliana 2017/18. Tabharfar tús áite do roinnt gníomhartha in 2017/18. Déanfar na gníomhartha forfheidhmithe *Polasaí* seo a shíneadh agus cuirfear gníomhartha breise leo thar thréimhse chúig bliana an *Pholasaí*, de réir mar a cheadaíonn acmhainní.

Oibreoidh Cigireacht na Roinne agus an Foras Taighde ar Oideachas (ERC) i gcomhar lena chéile ar mheastóireacht a dhéanamh ar thionchar an *Pholasaí* i rith na tréimhse atá ceaptha dó.

2.1 Comhairliúchán agus rannpháirtíocht an phobail

Tá gníomhartha an *Pholasaí* chun cáilíocht an oideachais trí Ghaeilge a láidriú sa Ghaeltacht bunaithe ar phrionsabail na comhpháirtíochta agus an chomhoibrithe le pobail scoile áitiúla. D'fhonn a chinntiú go mbíonn rath ar chur i bhfeidhm an *Pholasaí*, beidh ar gach scoil atá ag glacadh páirt sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta tacú lena bpobail scoile féin. Déanfar sin trí pháirt a ghlacadh sa phróiseas pleanála teanga áitiúil agus trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus i bpobail áitiúla na Gaeltachta. Le bheith rannpháirteach sa *Scéim*, ní mór don scoil nasc a chruthú leis an ngrúpa nó coiste atá freagrach as an bplean teanga sa limistéar pleanála teanga Gaeltachta.

Tá freagrachtaí ar leith maidir le cur chun cinn ghníomhartha an *Pholasaí* ar na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (REOGRTG), an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ), soláthraithe oideachais do mhúinteoirí, údaráis bhainistíochta na scoileanna, agus pobail scoile (príomhoide, múinteoirí, foireann choimhdeach, scoláirí agus tuismitheoirí).

Tá an Coiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta (ar a dtugtar an Coiste Comhairleach ina dhiaidh seo), ar a bhfuil ionadaithe de chuid na Roinne agus de chuid ghníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara seachtracha na Roinne, bunaithe chun comhairle agus aiseolas a thabhairt i dtaca le cur i bhfeidhm na ngníomhartha mar atá leagtha amach sa *Pholasaí*. Déanfaidh an Coiste Comhairleach dúshláin agus deiseanna a shainaithint, de réir mar a thagann siad chun cinn, a thacóidh le cur i bhfeidhm éifeachtach an *Pholasaí*. Tá liosta iomlán de bhaill an Choiste Chomhairligh iniata mar Aguisín 4.

3. Rannpháirtíocht sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta *(Scéim)*

3.1 Léiriú spéise sa *Scéim*

Faoi théarmaí an *Pholasaí,* tugtar cuireadh anois do scoileanna atá lonnaithe i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta **Foirm um Léiriú Spéise** a chomhlánú chun páirt a ghlacadh sa *Scéim*. Ní mór do scoileanna a léiríonn spéis chun páirt a ghlacadh sa *Scéim*, trína bpróisis féinmheastóireachta, plean gníomhaíochta feabhsúcháin a fhorbairt. Ba chóir go léireodh an plean gníomhaíochta go soiléir an chaoi ina rachaidh an scoil i dtreo na gcritéar teanga-bhunaithe, faoi mar a leagtar amach i roinn 3.2 thíos, a chomhlíonadh. Ba chóir go mbeadh an bord bainistíochta agus pobal na scoile páirteach sa chinneadh chun an Fhoirm um Léiriú Spéise a chomhlánú le bheith rannpháirteach sa *Scéim.* Ba chóir don bhord bainistíochta freisin teagmháil a dhéanamh leis an gcoiste pleanála teanga áitiúil sula ndéantar an cinneadh.

Tá tábhacht faoi leith ag baint le rannpháirtíocht na scoile i bpróiseas pleanála teanga mar a leagtar amach é faoi Acht na Gaeltachta, 2012 chun naisc a chothú leis an gceanneagraíocht atá freagrach as ullmhú agus feidhmiú phlean teanga an limistéir pleanála teanga ina bhfuil an scoil suite. Ciallaíonn sé sin agus go gcuideoidh an scoil le cothú agus le húsáid na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta.

Molann an Roinn go láidir do scoileanna páirt a ghlacadh sa *Scéim* ón tús i bhfianaise na mbuntáistí oideachais i dtaca le foghlaim teanga agus freisin ar mhaithe le freagairt go dearfach do na dúshláin reatha atá ann do stádas na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht. Cé go gcuirfidh rannpháirtíocht luath sa *Scéim* luas faoi bhaint amach cuspóirí an *Pholasaí*, tabharfar an rogha do scoileanna i limistéir pleanála teanga na Gaeltachta páirt a ghlacadh sa *Scéim* ag céim níos déanaí le linn tréimhse chúig bliana an *Pholasaí*.

Eagrófar feachtas eolais chun suim a mhúscailt sa *Scéim* i gcomhoibriú leis na ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí ábhartha eile chun tacú le scoileanna agus a bpobail sa phróiseas cinnteoireachta tábhachtach seo.

Nuair a bheidh an cinneadh déanta ag scoil i gcomhairliúchán lena bpobal scoile féin, ní mór an **Fhoirm um Léiriú Spéise** ag Aguisín 1 a chomhlánú agus í a sheoladh go leictreonach chuig aog@education.gov.ie nó sa ghnáthphost chuig: An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Bloc 3, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, DO1 RC96 **tráth nach déanaí ná 15 Meitheamh 2017**.

3.2 Critéir theanga-bhunaithe d'aitheantas mar iar-bhunscoil Ghaeltachta

Leagfar amach i bplean gníomhaíochta feabhsúcháin an chaoi ina bhfuil sé ar intinn ag an iar-bhunscoil i limistéar pleanála Gaeltachta na critéir theanga-bhunaithe uile sa tábla thíos a chomhlíonadh, ar bhonn céimnithe, **le linn tréimhse chúig bliana an *Pholasaí***.

Agus iad ag obair i dtreo aitheantas mar iar-bhunscoil Ghaeltachta a bhaint amach, agus na tacaí breise a chuirfear ar fáil a chur san áireamh, **beifear ag súil go ndéanfaidh na hiar-bhunscoileanna a bheidh páirteach sa *Scéim*:**

Critéir theanga-bhunaithe d'aitheantas mar iar-bhunscoil Ghaeltachta	
1.	Leathnú ar an bhfáil ar churaclam iomlán trí Ghaeilge, seachas curaclam an Bhéarla agus teangacha eile, de réir mar a ghluaiseann an scoil i dtreo cur chuige lántumtha[3]
2.	Eispéiris oideachais ardchaighdeáin trí Ghaeilge a sholáthar do na scoláirí uile agus aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge[4] chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge
3.	Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile a fhorbairt: • a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus • a dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, scoláirí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta)
4.	Athbhreithniú ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS)
5.	Sonraíocht T1[5] don Ghaeilge a chur i bhfeidhm sa tSraith Shóisearach
6.	Acmhainní Gaeilge[6] a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas Béarla agus teangacha eile
7.	Gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge
8.	Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta
9.	Tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile
10.	Naisc teanga agus oideachais atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú le bunscoileanna agus/nó iar-bhunscoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge trí úsáid a bhaint as deiseanna foghlama ar líne agus foghlama cumaisc
11.	Gach iarracht foireann teagaisc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus cultúrtha na Gaeltachta.

[3] Ciallaíonn lántumadh go bhfeidhmíonn an timpeallacht oideachais trí Ghaeilge (an Ghaeilge, sa chás seo, mar chéad teanga na scoile), agus sa teanga sin amháin seachas Béarla agus teangacha eile. Cuidíonn sé seo le forbairt níos iomláine ar inniúlachtaí teanga na scoláirí.

[4] Sainmhínítear cainteoir dúchais Gaeilge mar leanbh a thógtar trí Ghaeilge i bpobal Gaeilge ina labhraíonn a t(h)uismitheoirí Gaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide sa bhaile, agus go ndeirtear amhlaidh nuair a chláraítear ar scoil é/í. (*Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*, lch 11)

[5] Tagraíonn T1 don Ghaeilge mar phríomhtheanga na scoile i dtaca le teagasc agus foghlaim, agus cumarsáid i ngnóthaí oifigiúla, riaracháin, siamsaíochta agus caitheamh aimsire.

[6] Cuireann suíomh gréasáin COGG www.cogg.ie acmhainní éagsúla ar fáil chun tacú leis an teagasc trí Ghaeilge i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta.

4. Clár de thacaí d'iar-bhunscoileanna chun páirt a ghlacadh sa *Scéim* (Meán Fómhair 2017 go Meitheamh 2018)

- **Seimineáir do phobail scoile:** I bhFómhar 2017, déanfaidh COGG, i gcomhar leis an Roinn agus páirtithe leasmhara eile, comhordú ar sheimineáir a fhéachann le feasacht bhoird bhainistíochta, tuismitheoirí, agus ionadaithe ó choistí pleanála teanga a mhéadú. Reáchtálfar an méid seo trí chnuas-sheimineáir ag leibhéal áitiúil i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta. Is é cuspóir na seimineár ná feasacht a mhéadú chun tacaíocht agus feabhas a chur ar an oideachas trí Ghaeilge i scoileanna atá ag glacadh páirt sa *Scéim*.

- **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL):** Cuirfear FGL sa bhreis ar fáil d'iar-bhunscoileanna atá ag glacadh páirt sa *Scéim*, a bheidh á comhordú ag COGG i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha agus leis an gCigireacht. Áireoidh an FGL seo dhá sheimineár do phríomhoidí agus do bhall amháin eile den fhoireann teagaisc i bhFómhar 2017 chun cuidiú le scoileanna a chinntiú go mbeidh fócas scoile uile ina bpróisis pleanála gníomhaíochta chun feabhas a chur ar cháilíocht an oideachais trí Ghaeilge. Cuirfear ceardlanna leantacha ar fáil i gcnuasaigh scoileanna ó Eanáir go Meitheamh 2018. Más gá, agus de réir mar a cheadaíonn acmhainní, cuirfear ionadaíocht ar fáil le freastal ar na seimineáir/ceardlanna seo.

  Cuirfidh COGG, i gcomhar le seirbhísí tacaíochta eile, de réir mar is gá, sceideal de na seimineáir eolais agus FGL do bhunscoileanna ag glacadh páirt sa *Scéim* ar fáil roimh gach téarma scoile.

- **Uaireanta breise chun tacú le pleanáil ghníomhaíochta sa scoilbhliain ó Mhéan Fómhair 2017 go Meitheamh 2018**: D'fhonn tacú le hiar-bhunscoileanna atá ag glacadh páirt sa *Scéim*, cuirfear uaireanta breise ar fáil d'iar-bhunscoileanna i gcomhréir le méid na scoile. Ní mór d'iar-bhunscoileanna na huaireanta seo a úsáid sa tréimhse **ó Mheán Fómhair 2017 go Meitheamh 2018** d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh sa phróiseas pleanála gníomhaíochta atá nasctha leis na critéir theanga-bhunaithe don aitheantas mar scoil Ghaeltachta, mar atá leagtha amach i roinn 3.2. Is é seo a leanas leithdháileadh na n-uaireanta don scoilbhliain ó Mheán Fómhair 2017 go Meitheamh 2018:

  - **Iar-bhunscoileanna beaga** i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta le rollú níos lú ná 150 scoláire: leithdháilfear 2 uair an chloig in aghaidh na seachtaine in aghaidh na scoile chun gabháil do phleanáil ghníomhaíochta
  - **Iar-bhunscoileanna meánmhéide** le rollú 150-300 scoláire: leithdháilfear 4 uair an chloig in aghaidh na seachtaine in aghaidh na scoile chun gabháil do phleanáil ghníomhaíochta
  - **Iar-bhunscoileanna móra** le rollú de bhreis ar 300 scoláire: leithdháilfear 5 uair an chloig in aghaidh na seachtaine in aghaidh na scoile chun gabháil do phleanáil ghníomhaíochta.

- **Tacaíocht na Cigireachta**: Beidh fáil ar fhoireann de chigirí a bheidh freagrach as comhairle, tacaíocht agus aiseolas a chur ar fáil d'iar-bhunscoileanna atá ag glacadh páirt sa *Scéim* i dtaca lena bpleananna um shocrú spriocanna agus um pleanáil gníomhaíochta feabhsúchán ar bhonn scoile uile ag baint úsáide as critéir theanga-bhunaithe d'aitheantas mar scoil Ghaeltachta.

- **Leithdháileadh deontais:** Nuair a bheidh faomhadh tugtha do phlean gníomhaíochta feabhsúchán scoile uile agus mar thaca leis an ullmhúchán chun an plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm, leithdháilfear deontas sa tréimhse Aibreán go Meitheamh 2018 ar gach iar-bhunscoil atá ag glacadh páirt sa *Scéim*, d'fhonn íoc as acmhainní breise Gaeilge. Beidh sé de cheangal ar iar-bhunscoileanna gach taifead ar chaiteachas a choimeád chun críche iniúchta de réir na nósanna imeachta don soláthar poiblí.

- **Triail phíolótach ar mhol ríomhfhoghlama a bhunú:** Tá sé i gceist ag an Roinn fiosrú a dhéanamh faoin bhféidearthacht le mol ríomhfhoghlama trí Ghaeilge a bhunú in iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí Ghaeilge atá páirteach sa *Scéim* chun nasc a dhéanamh le seomraí ranga in iar-bhunscoileanna eile sa *Scéim.* Chuideodh sé seo le cianfhoghlaim idir iar-bhunscoileanna agus le deiseanna foghlama fíorúla a sholáthar i measc scoileanna d'fhonn leathnú a dhéanamh ar raon agus éagsúlacht na roghanna curaclaim a bheadh ar fáil do scoláirí le linn na sraithe iomláine iar-bhunscoile.

5. Achoimre ar ghníomhartha d'iar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta ó Aibreán 2017 go Meitheamh 2018

Beidh ar na scoileanna sin atá páirteach sa *Scéim* plean gníomhaíochta a dhréachtú a dhíríonn ar fheabhsúcháin ina soláthar san oideachas trí Ghaeilge agus atá nasctha le critéir theanga-bhunaithe agus sain-chomhthéacs na scoile, mar a luaitear i roinn 3.2 den imlitir seo. Agus faomhadh tugtha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar phleananna gníomhaíochta na scoileanna in **Earrach 2018**, deonfar tacaí breise, de réir mar a chuirtear tús leis an *Scéim*, agus de réir mar a bhíonn toradh fónta ar gach céim den *Scéim* a chur i gcrích.

Achoimre ar na Gníomhartha	**Fráma Ama / Spriocdháta**
Foirm um léiriú spéise le comhlánú: Le bheith rannpháirteach sa *Scéim* comhlánaigh an fhoirm léiriú spéise ag Aguisín 1 agus seol ar ais í go leictreonach chuig **aog@education.gov.ie** nó sa ghnáthphost chuig: An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Bloc 3, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, DO1 RC96	Aibreán go 15 Meitheamh 2017
Foirm léiriú spéise eile le comhlánú: Líonfar an fhoirm léirithe spéise Aguisín 2) ar pháirt a ghlacadh i dtriail phíolótach ar mhol ríomhfhoghlama trí Ghaeilge d'fhonn cianfhoghlaim idir iar-bhunscoileanna sa *Scéim*. Seolfar ar ais an fhoirm chomhánaithe chuig an **aog@education.gov.ie** nó sa ghnáthphost chuig: An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Bloc 3, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, DO1 RC96	Aibreán go 15 Meitheamh 2017
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach: I bhFómhar 2017, cuirfear tús le forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) maidir le feidhmiú an *Pholasaí* agus pleanáil gníomhaíochta feabhsúcháin san oideachas trí Ghaeilge. Is gá do phríomhoidí agus múinteoirí a léirigh spéis a bheith rannpháirteach sa *Scéim* freastal air. Cuirfidh COGG, i gcomhar le seirbhísí tacaíochta eile, de réir mar is gá, sceideal de na seimineáir eolais agus FGL ar fáil roimh gach téarma scoile.	Ón bhFómhar 2017 ar aghaidh
Plean Gníomhaíochta: Beidh ar gach scoil atá páirteach sa *Scéim* plean gníomhaíochta a fhorbairt a dhíríonn ar fheabhsúchán san oideachas trí Ghaeilge ina gcuimsítear mar is cuí na critéir theanga-bhunaithe agus an sain-chomhthéacs teanga ina bhfuil an scoil ag feidhmiú. Roinnfear an plean gníomhaíochta seo leis an gcigire atá ag tacú leis an scoil agus tabharfar aiseolas ar fhiúntas an phlean mar chuid den phróiseas comhairliúcháin agus tacaíochta.	Meán Fómhar 2017 – Eanáir 2018

Achoimre ar na Gníomhartha	Fráma Ama / Spriocdháta
Plean gníomhaíochta a sheoladh chuig an Roinn: Cuirfidh bord bainistíochta gach scoil a léirigh spéis a bheith páirteach sa *Scéim* a bplean gníomhaíochta feabhsúcháin féin faoi bhráid na Roinne le faomhadh le bheith páirteach sa chéad chéim eile den *Scéim.*	31 Eanáir 2018
Athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta: Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar gach plean gníomhaíochta feabhsúcháin agus beidh plé ann leis an scoil agus/nó tabharfar cuairteanna cigireachta breise ar scoileanna aonair nó ar chnuasaigh scoileanna i gcás go mbeidh soiléiriú de dhíth sula nglactar leo.	Feabhra go Márta 2018
Toradh an athbhreithnithe ar an bplean gníomhaíochta: Cuirfear bord bainistíochta gach scoil atá páirteach sa *Scéim* ar an eolas faoi thoradh an athbhreithnithe ar a bpleananna gníomhaíochta féin agus cuirfear in iúl dóibh an féidir leo a bheith páirteach sa chéad chéim eile den *Scéim.*	Aibreán 2018
Leithdháileadh deontais: Ag brath ar thoradh an athbhreithnithe, agus faomhadh a bheith tugtha don phlean gníomhaíochta, leithdháilfear deontas ar scoileanna sa *Scéim* a chabhróidh leis an gcostas a ghlanadh ar acmhainní breise chun tacaíocht a thabhairt don soláthar oideachais trí Ghaeilge.	Aibreán go Meitheamh 2018
Scoileanna atá páirteach sa *Scéim:* Foilseofar liosta de na scoileanna atá rannpháirteach sa *Scéim* ar shuíomh gréasáin na Roinne.	Samhradh 2018
Cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta: Cuirfidh gach scoil sa *Scéim* tús le cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta feabhsúcháin ina gcuimsítear na critéir theanga-bhunaithe agus an sain-chomhthéacs ina bhfuil an scoil ag feidhmiú ó thaobh úsáid na Gaeilge i gceantar feidhme na scoile.	Ó Mheán Fómhair 2018

6. Féinmheastóireacht scoile agus pleanáil gníomhaíochta scoile uile chun oideachas trí Ghaeilge a láidriú

Ghlac an Roinn le féinmheastóireacht scoile (FMS) mar an straitéis d'fheabhsúchán scoile in 2012. Forbairt a bhí anseo seo ar an bpróiseas pleanála forbartha scoile nach mór do scoileanna gabháil dó faoin Acht Oideachais, 1998. Trí FMS, déanann scoileanna athmhachnamh agus athbhreithniú ar a gcleachtais laethúla bainistíochta agus ar a bpolasaithe, le fócas ar leith ar theagasc agus ar fhoghlaim. Cuireann FMS próiseas inmheánach ar fáil do na scoileanna go léir chun forbairt, dul chun cinn, athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar phleananna gníomhaíochta feabhsúcháin ar bhonn bliantúil. Cuireann FMS creat ar fáil do gach scoil i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta d'fhonn a bplean gníomhaíochta féin a fhorbairt chun soláthar an oideachais trí Ghaeilge a láidriú.

Ba chóir do scoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta atá ag glacadh páirt sa *Scéim*, laistigh dá gcomhthéacsanna ar leith, an próiseas FMS a úsáid agus pleanáil chun feabhsúcháin ar siúl acu chun oideachas trí Ghaeilge agus comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus daoine eile a láidriú. Tá na próisis um FMS agus pleanáil gníomhaíochta feabhsúcháin a úsáideann scoileanna ríthábhachtach d'ullmhúchán na scoile dá hiarratas ar rannpháirtíocht sa *Scéim*, agus ina dhiaidh sin, dá plean gníomhaíochta scoile uile nasctha leis na critéir theanga-bhunaithe. Sásófar na riachtanais FMS (mar a éilítear faoi Imlitir 39/2016) leis an bplean gníomhaíochta feabhsúcháin a fhorbróidh scoileanna a bheidh ag glacadh páirt sa *Scéim*.

Ní mór d'iar-bhunscoileanna sa chlár DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna)[7] pleananna feabhsúcháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i dtaca le roinnt téamaí (litearthacht, uimhearthacht, tinreamh, coinneáil, dul chun cinn, gnóthachtáil i scrúduithe, naisc le tuismitheoirí agus naisc le gníomhaireachtaí sa phobal) mar choinníoll dá rannpháirtíocht in DEIS. Ba chóir do na scoileanna seo a bpleanáil gníomhaíochta feabhsúcháin i dtaca le téamaí DEIS a nascadh leis an bpleanáil ghníomhaíochta a bhaineann le critéir theanga-bhunaithe i dtaca le haitheantas mar scoil Ghaeltachta. **Dá bhrí sin, níl gá ach le comh-dhoiciméad amháin ina bhfuil tuairisc FMS agus plean feabhsúcháin, a chlúdaíonn téamaí DEIS agus gníomhartha na scoile chun oideachas trí Ghaeilge a láidriú.**

I ndiaidh do scoileanna an fhoirm um léiriú spéise a chomhlánú, beidh tréimhse ama ag iar-bhunscoileanna ó Mheán Fómhair 2017 go hEanáir 2018 chun plean gníomhaíochta feabhsúcháin a fhorbairt atá nasctha le critéir theanga-bhunaithe agus a gcomhthéacs scoile féin. Tabharfar cuireadh do phríomhoidí ó scoileanna a léireoidh spéis sa *Scéim* freastal ar sheisiúin FGL ón bhFómhar 2017 chun cuidiú leo a bplean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile féin a fhorbairt, d'fhonn cuspóir uileghabhálach an *Pholasaí* a bhaint amach, is é sin feabhas a chur ar cháilíocht an oideachais trí Ghaeilge i scoileanna sa Ghaeltacht.

Céim eile i dtreo a bheith páirteach sa *Scéim* ná faomhadh an phlean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile a fháil in Earrach 2018. Ag brath ar thoradh dearfach ar an athbhreithniú ar an bplean, leithdháilfear deontas d'fhonn íoc as acmhainní breise a bhaineann go dlúth leis an soláthar trí Ghaeilge, ar na scoileanna sin nuair a bheidh faomhadh tugtha don phlean gníomhaíochta.

Tá sampla de theimpléad do phlean gníomhaíochta atá nasctha le critéir theanga-bhunaithe d'aitheantas mar iar-bhunscoil ceangailte mar Aguisín 3. Is féidir le scoileanna an teimpléad seo a úsáid agus é a chur in oiriúint do chomhthéacs na scoile. Tá samplaí eile ar fáil ar an suíomh gréasáin FMS ag: http://schoolself-evaluation.ie/post-primary/resources/reporting-sse/. Más cuí, d'fhéadfadh go mbeadh na teimpléid phleanála DEIS a dhear an tionscnamh pleanála forbartha scoile cabhrach do scoileanna freisin. Tá fáil orthu ag: http://www.pdst.ie/search/node/sdpi/.

7. Acmhainní agus tacaí breise a leithdháileadh: Eanáir 2018 go Meitheamh 2019

Eanáir 2018 go Meitheamh 2018

Nuair a bheidh gach plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile athbhreithnithe agus faofa ag an Roinn in Earrach na bliana 2018, leithdháilfear deontas chun cur ar chumas na scoileanna a ghlacann páirt sa *Scéim* acmhainní Gaeilge a cheannach, mar atá luaite i roinn 4 agus roinn 5 den imlitir seo.

Meán Fómhair 2018 go Meitheamh 2019

Eiseofar imlitir nua in Earrach na bliana 2018 ina dtabharfar sonraí ar na hacmhainní agus tacaí breise a chuirfear ar fáil d'iar-bhunscoileanna atá ag glacadh páirt sa *Scéim* ó Mheán Fómhair 2018. Táthar ag súil leis go n-áireoidh acmhainní dá leithéid tuilleadh deiseanna FGL agus tacaí teanga do scoileanna.

8. Easpa rannpháirtíochta sa phróiseas i ndiaidh iarratais ar aitheantas mar scoil Ghaeltachta

Faoin *bPolasaí,* cuideofar le scoileanna i limistéir pleanála teanga gluaiseacht, ar bhonn céimnithe, go dtí cur chuige lántumtha trí Ghaeilge d'fhonn aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta. Beidh rannpháirtíocht leanúnach scoileanna atá ag glacadh páirt sa *Scéim* ag brath ar choinníollacha

[7] *Plean DEIS 2017* ar fáil ag: http://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Beartais/Plean-DEIS-2017.pdf

na n-imlitreacha seo a shásamh. Ní mór do scoileanna dul chun cinn sásúil a léiriú i mbaint amach na gcritéar teanga-bhunaithe ina bpróisis pleanála gníomhaíochta feabhsúcháin scoile.

8.1 Scoil a aistarraingt ón Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Sa chás go bhfuil an Roinn sásta in am ar bith nach bhfuil coinníollacha na *Scéime* á gcomhlíonadh/comhlíonta, coinnítear an ceart scoil a aistarraingt ón *Scéim.* Déanfaidh an Chigireacht agus Aonad um Oideachas Gaeltachta na Roinne monatóireacht mar is gá ar an dul chun cinn ina leith seo, de réir mar a oireann.

Sa chás nach bhfuiltear sásta le cinneadh na Roinne maidir le haon ghné faoi leith a bhaineann le reáchtáil na Scéime Aitheantas Scoileanna Gaeltachta, déanfaidh painéal neamhspleách achomharc a mheas.

9. Comhordú ar thacaí don chéad chéim d'fheidhmiú an *Pholasaí* (2017 – 2018)

9.1 An tAonad um Oideachas Gaeltachta

Thosaigh cur i bhfeidhm an *Pholasaí* le bunú aonaid ar leith sa Roinn, An tAonad um Oideachas Gaeltachta, chun struchtúr sholáthar an oideachais trí Ghaeilge i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta a láidriú agus chun na nithe seo a dhéanamh:

- bainistiú ar agus tacaíocht a sholáthar do chur i bhfeidhm céimnithe an *Pholasaí*
- riarachán agus bainistíocht ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus caidreamh le pobail agus scoileanna na Gaeltachta
- maoirsiú ar leithdháileadh na n-acmhainní agus na dtacaí ar scoileanna i gcomhar le rannóga ábhartha na Roinne agus gníomhaireachtaí eile
- monatóireacht ar chur i bhfeidhm na *Scéime* i scoileanna i gcomhar le Cigireacht na Roinne d'fhonn an soláthar oideachais trí Ghaeilge a láidriú.

9.2 An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) – Gníomhartha in 2017- 2018

Gheobhaidh an tAonad um Oideachas Gaeltachta tacaíocht ó COGG chun an *Polasaí* a chur i bhfeidhm. Déanfaidh COGG comhordú ar an seachadadh de thacaí agus tionscnaimh áirithe don oideachas Gaeltachta trí Ghaeilge i gcomhar leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta agus seirbhísí tacaíochta éagsúla. Tá acmhainní breise dáilte ar COGG chun gníomhartha áirithe a chomhordú a bhaineann leis an *bPolasaí* chun tacú le scoileanna a roghnaíonn a bheith rannpháirteach sa *Scéim.*

Áirítear ar na bearta atá le cur i bhfeidhm ag COGG ó 2017 go Meitheamh 2018:

- comhordú ar sheimineáir um méadú feasachta do thuismitheoirí agus ionadaithe bhoird bhainistíochta agus ionadaithe ó cheanneagraíochtaí pleanála teanga i dtaca leis an *Scéim* agus na buntáistí a bhaineann leis an oideachas trí Ghaeilge
- comhordú ar FGL a sholáthar do phríomhoidí agus múinteoirí i scoileanna atá rannpháirteach sa *Scéim*
- comhordú ar fhorbairt líonraí do scoileanna atá rannpháirteach sa *Scéim*
- sparánachtaí taighde breise a sholáthar do phríomhoidí agus/nó múinteoirí atá rannpháirteach sa *Scéim* chun gabháil le taighde ar an oideachas trí Ghaeilge agus oideachas Gaeltachta
- suíomh gréasáin COGG a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh mar thairseach acmhainní Gaeilge do scoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta, áit a mbeidh teacht ar acmhainní Gaeilge ar ardchaighdeán.

9.3 Tacaíocht ón gCigireacht

Tá foireann de chigirí ceaptha chun cuidiú le hobair an Aonaid um Oideachas Gaeltachta agus chun tacaíocht agus comhairle a thabhairt do scoileanna a roghnaíonn le bheith aitheanta mar scoileanna Gaeltachta. Ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh, déanfaidh na cigirí sin na nithe seo a leanas:

- caidreamh a dhéanamh le cnuasaigh de scoileanna a bhfuil an rogha déanta acu páirt a ghlacadh sa *Scéim,* agus tacaíocht a thabhairt dóibh
- comhairle, tacaíocht agus aiseolas a thabhairt do scoileanna i dtaca lena bpleananna um shocrú spriocanna agus um pleanáil gníomhaíochta feabhsúcháin ar bhonn scoile uile ag baint úsáide as critéir theanga-bhunaithe d'aitheantas mar scoil Ghaeltachta, mar atá leagtha amach i roinn 3.2
- monatóireacht a dhéanamh agus aiseolas a thabhairt ar thionchar an *Pholasaí* agus ar ghnóthachtáil na scoileanna i dtaca leis na critéir theanga-bhunaithe
- comhairle a thabhairt, moltaí a chur ar fáil agus tuairisciú don Roinn maidir le glacadh isteach scoileanna agus rannpháirtíocht leanúnach scoileanna sa *Scéim.*

Oibreoidh an Chigireacht i ndlúthchomhar le COGG agus na seirbhísí tacaíochta éagsúla chomh maith chun a chinntiú go mbeidh cur chuige comhtháite agus comhsheasmhach ann i dtaca le feabhsúchán scoile i scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge.

10. Tuilleadh Eolais / Fiosruithe

Le linn na céime feidhmithe, rachaidh an tAonad um Oideachas Gaeltachta i gcomhairle go dlúth le gníomhaireachtaí ábhartha eile le tacaíocht ó COGG maidir le straitéis chumarsáide a fhorbairt, eolas agus treoir a chur ar fáil do scoileanna, agus bearta mar atá sa Pholasaí a sheachadadh.

Beidh Ceisteanna Coitianta i dtaca leis an bpróiseas iarratais agus le cur i bhfeidhm an *Pholasaí* ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, agus déanfar iad a nuashonrú go rialta chun léiriú a thabhairt ar na fiosruithe agus ar an aiseolas ó scoileanna agus ón gCoiste Comhairleach.

Ba chóir fiosruithe maidir le feidhmiú na *Scéime* nó fiosruithe eile maidir le cur i bhfeidhm an *Pholasaí* seo a sheoladh go leictreonach chuig **aog@education.gov.ie** nó trí ghnáthphost chuig: **An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Bloc 3, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, DO1 RC96.**

Iarrtar ar phríomhoidí scoile i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta aird na gcomhaltaí uile den bhord bainistíochta, na múinteoirí (lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta), na scoláirí, pátrún na scoile, na foirne coimhdí, na tuismitheoirí/caomhnóirí agus an phobail scoile áitiúil, a dhíriú ar an imlitir seo. Tá fáil ar an imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag: www.education.ie. Tá leagan Béarla den imlitir seo ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne.

An Dr Treasa Kirk
An tAonad um Oideachas Gaeltachta
Aibreán 2017

Aguisín 1:

Foirm um Léiriú Spéise don Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Le comhlánú ag bainistíocht na n-iar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta

Seol an fhoirm um léiriú spéise comhlánaithe chuig an Aonad um Oideachas Gaeltachta go leictreonach chuig aog@education.gov.ie nó sa ghnáthphoist chuig: An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Bloc 3, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, DO1 RC96 tráth nach déanaí ná 15 Meitheamh 2017

Ainm na Scoile: _____ Uimhir Rolla: _____

Seoladh na Scoile: _____

Uimhir Ghutháin: _____ R-phost: _____

1) Is mian liom a dheimhniú gur pléadh ábhar na hImlitreach 0034/2017 agus an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ag cruinnithe leis an bhfoireann teagaisc, le cumann na dtuismitheoirí, agus leis an mbord bainistíochta
Síniú: _____ Síniú: _____ **Príomhoide Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta** **Dáta: _____ Dáta: _____**

2) Is mian liom a dheimhniú gur pléadh ábhar na hImlitreach 0034/2017 agus an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta le Cathaoirleach an choiste pleanála teanga Gaeltachta
Síniú: : _____ **Ainm an chathaoirligh don choiste pleanála teanga** **Uimhir Ghutháin: _____ R-phost: _____**

3) Mar chuid den léiriú spéise sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, tabhair cur síos gonta le do thoil ar na nithe seo a leanas (200 focal ar a mhéid):

a) Cinneadh na scoile maidir le bheith rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta
b) Na gníomhartha a rinneadh chun teacht ar an gcinneadh i dtaca le léiriú spéise chun páirt a ghlacadh sa *Scéim*
c) Tionscnaimh ar bith ina bhfuil an scoil páirteach faoi láthair chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal
d) An teagmháil atá déanta ag an scoil leis an gcoiste atá freagrach as an bplean teanga ina limistéar pleanála teanga Gaeltachta lena dheimhniú go bhfuil a fhios ag an gcoiste go bhfuil spéis ag an scoil páirt a ghlacadh sa *Scéim* chun stádas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach.

D'fhéadfadh go mbeidh an fhaisnéis atá tugtha agat ar an bhfoirm seo ina ábhar iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 (FOI), agus dá bhrí sin go nochtófar cuid di nó an t-iomlán chuig iarrthóir. Mar sin, táimid ag iarraidh ort, mar chuid de do fhreagra, aon fhaisnéis a shainaithint a mheasann tú a bheith íogair agus díolmhaithe ó nochtadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Cuideoidh sé seo leis an Roinn Oideachais agus Scileanna sa phróiseas cinnteoireachta má fhaightear iarratas um Shaoráil Faisnéise.

4) Is mian liom LÉIRIÚ SPÉISE ÁR SCOILE A CHLÁRÚ le bheith rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Síniú: _____ **Síniú:** _____

Príomhoide **Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta**

Dáta: _____ **Dáta:** _____

Aguisín 2:

Foirm um Léiriú Spéise don Triail Phíolótach ar Mhol Ríomhfhoghlama trí Ghaeilge a bhunú d'fhonn Cianfhoghlaim idir Iar-bhunscoileanna

Le comhlánú ag bainistíocht na n-iar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta

Seol an fhoirm um léiriú spéise comhlánaithe chuig an Aonad um Oideachas Gaeltachta go leictreonach chuig aog@education.gov.ie nó sa ghnáthphoist chuig: An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Bloc 3, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, DO1 RC96 tráth nach déanaí ná 15 Meitheamh 2017

Tá sé i gceist ag an Aonad um Oideachas Gaeltachta fiosrú a dhéanamh faoin bhféidearthacht le triail phíolótach a dhéanamh ar mholscoil a fheidhmíonn trí Ghaeilge in iar-bhunscoileanna (150+ scoláire) atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta chun nascadh le seomraí ranga in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge eile sa *Scéim.*

Chuideodh an mholscoil ríomhfhoghlama le deiseanna foghlama fíorúla a sholáthar ag tairiscint roghanna ábhair éagsúla sna seomraí ranga nasctha thar líon beag iar-bhunscoileanna eile sa *Scéim*.

(A) Le comhlánú ag bainistíocht iar-bhunscoileanna atá ag léiriú spéise páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Tabhair na cúiseanna le bhur léiriú spéise chun a bheith páirteach sa triail phíolótach ar mhol ríomhfhoghlama trí Ghaeilge a bhunú

Is mian linn go ndéanfaí muid a mheas mar mholscoil mar a luaitear thuas: Is mian ☐ Ní mian ☐

Ainm na Scoile: _____ Uimhir Rolla: _____

Seoladh na Scoile: _____

Uimhir Ghutháin: _____ R-phost: _____

Síniú: _____ Síniú: _____
Príomhoide Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Dáta: _____ Dáta: _____

Aguisín 3

Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta
Plean Gníomhaíochta Feabhsúcháin Scoile Uile
[Iar-bhunscoileanna]

Ainm na hIar-bhunscoile:

Uimhir Rolla:

Tréimhse an Phlean:

Dáta faofa ag Bord Bainistíochta:

Clár feabhsúcháin ag teacht le critéir theanga-bhunaithe chun críche aitheantais mar iar-bhunscoil Ghaeltachta: Ráiteas achomair

Achoimre ar an bPlean Gníomhaíochta Feabhsúcháin Scoile Uile
Spriocanna feabhsúcháin: Tabhair cuntas achomair soiléir ar na feabhsúcháin atá ceaptha ag an scoil a bhaint amach i ngeall ar na gníomhartha atá sonraithe sa Phlean Gníomhaíochta Feabhsúcháin Scoile Uile. Tabhair do d'aire an difríocht idir spriocanna feabhsúcháin agus na gníomhartha a bheidh le cur i bhfeidhm chun na spriocanna sin a bhaint amach. *(cuirtear uimhreacha leis na spriocanna, ag tosú le **1. 2. 3.** thíos; leathnóidh an bosca de réir mar is gá. Ba chóir tagairt do na critéir theanga-bhunaithe mar atá in Imlitir 0034/2017.* **Spriocanna ginearálta:** **1.** **2.** **3.** *

Gníomhartha a bhaineann le sain-spriocanna:
Leag amach go hachomair na sainghníomhartha atá molta ar mhaithe leis na spriocanna ginearálta thuas a bhaint amach. *Is féidir tuilleadh sraitheanna a chóipeáil agus a ghreamú isteach thíos nó ar an leathanach thall más gá. Ba chóir tagairt do na critéir theanga-bhunaithe atá ar fáil in Imlitir 0034/2017.*

Sain-spriocanna	Gníomhartha a rachaidh i ngleic le sain-spriocanna	Critéir ratha*	Cé?	Ról ceannais ag?	Cén uair?	Acmhainní?

*** Critéir ratha: an chaoi a mbeidh a fhios agat go bhfuil an sain-sprioc bainte amach**

Clár feabhsúcháin ag teacht le critéir theanga-bhunaithe chun críche aitheantais mar iar-bhunscoil Ghaeltachta: Ráiteas achomair

Sain-spriocanna	Gníomhartha a rachaidh i ngleic le sain-spriocanna	Critéir ratha*	Cé?	Ról ceannais ag?	Cén uair?	Acmhainní?

Monatóireacht:
Tabhair gearrchuntas ar an gcaoi a dhéanfar monatóireacht ar an dul chun cinn agus cén uair a dhéanfar an mhonatóireacht le linn tréimhse an phlean (e.g. in aghaidh na míosa/ in aghaidh na seachtaine / in aghaidh na bliana)

Meastóireacht ghinearálta:
Léirigh mar a dhéanfar meastóireacht ar an tionchar agus éifeachtacht a bheidh ag na gníomhartha éagsúla ar na sain-spriocanna feabhsúcháin (atá faoi réir ag na critéir theanga-bhunaithe) ag deireadh tréimhse an phlean ag baint úsáide as sonraí bonnlíne agus spriocanna mar threoir leis na critéir ratha a aithint

*** Critéir ratha: an chaoi a mbeidh a fhios agat go bhfuil an sain-sprioc bainte amach**

Aguisín 4:

Ballraíocht an Choiste Chomhairligh um Polasaí Oideachas Gaeltachta

- An Chomhairle Mhúinteoireachta
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)
- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- An Foras Pátrúnachta
- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (REOGRTG)
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ)
- An Roinn Sláinte
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)
- Aontas Múinteoirí Éireann
- Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ)
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS)
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunbhrainse)
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-Bhunoideachais)
- Comhar Naíonraí na Gaeltachta
- Comhchoiste na mBainisteoirí
- Comhdháil Cheannasaithe na gColáistí Oideachais in Éirinn (CHoICE)
- Conradh na Gaeilge
- Cumann Ionaid Mhúinteoirí/Oideachais in Éirinn
- Cumann Múinteoirí Éireann
- Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha
- Cumann na Mac Léinn Iar-bhunscoile
- Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire
- Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha (CSPC)
- Foras na Gaeilge
- Foras Taighde ar Oideachas
- Gaeloideachas
- Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann
- Luath-Óige Éireann
- Muintearas
- Oideachas Caitliceach - Iontaobhas Scoileanna Éireannacha (CEIST)
- Oidhreacht Chorca Dhuibhne
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG)
- Tuismitheoirí na Gaeltachta
- Údarás na Gaeltachta